Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2026
(OR. en)

10307/26

LIMITE

API 121
INF 164

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10305/26; 10306/26 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas Dearbhúcháin – 30/c/02/26 - Formheas an fhreagra ón gComhairle |

1. Tar éis an chomhairliúcháin i scríbhinn leis an Meitheal um Fhaisnéis, a seoladh an 25 Meitheamh agus ar tháinig deireadh leis an 2 Iúil 2026, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an dréachtfhreagra ón gComhairle ar an iarratas dearbhúcháin thuasluaite mar a leagtar amach in 10306/26 é, agus IT ag cur in iúl go bhfuil sé i gceist aici staonadh ón vótáil.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh faoi na míreanna ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

   – an dréachtfhreagra atá in 10306/26 a fhormheas*,* agus IT ag staonadh ón vótáil,

   agus

   – a chinneadh go gcuirfidh sí toradh na vótála ar fáil don phobal.